C/2024/7432

13.12.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/7432)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Rías Baixas'

PDO-ES-A1119-AM03

Dáta na teachtaireachta: 30 Meán Fómhair 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. ATHRUITHE AR NA CEANGLAIS MAIDIR LE CINEÁLACHA A MHEASCADH

Tuairisc:

Athrú ar na ceanglais nach mór a bheith ann maidir le meascán cineálacha (an 'cumasc') le haghaidh na gcineálacha fíona 'Rías Baixas' Rosal, 'Rías Baixas' Salnés agus 'Rías Baixas' Ribeira do Ulla. Sonraítear nach mór gurb é 70 % céatadán 'ceann amháin ar a laghad' de na cineálacha a liostaítear. I gcás fholimistéar O Rosal, cuireadh isteach cineál Caíño Blanco.

Baineann an leasú seo le pointe 3.3 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Is é an rún atá ann a shoiléiriú go dtagraíonn an céatadán íosta (70 %) de na cineálacha uile a luaitear don tsraith cineálacha sin, ionas go gcomhlíontar an coinníoll má shroichtear 70 % de chineál aonair. Mar sin féin, i gcás chineál Condado 'Rías Baixas', coimeádadh an fhoclaíocht, toisc go dtuigtear nach mór íosmhéid de gach ceann de na cineálacha a shroicheann an t-íosmhéid 70 % le chéile a bheith ann le haghaidh an chineáil fíona sin.

2. CINEÁL NUA A CHUR SAN ÁIREAMH

Tuairisc:

Áiríodh cineál nua ar an liosta de chineálacha a cheadaítear le fíonta 'Rías Baixas' a tháirgeadh, go sonrach cineál geal Ratiño Gallega.

Leasaíodh pointe 6 den tsonraíocht agus pointe 7 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

De réir staidéir a rinneadh, is cineál dúchasach é sin agus ní clón de chuid cineál eile é. Dá bhrí sin, aithníodh go foirmiúil é mar chineál nua *Vitis vinifera* le hOrdú APA/1097/2021 an 7 Deireadh Fómhair 2021, lena ndéantar foráil maidir le roinnt cineálacha speiceas éagsúil a áireamh i gClár na gCineálacha Tráchtála (Iris Oifigiúil an Stáit an 11 Deireadh Fómhair 2021).

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

3. RINNEADH AN tATHRÚ AR THEORAINNEACHA ANAILÍSEACHA A BHAINT

Tuairisc:

Rinneadh na hathruithe a leagadh amach le haghaidh luachanna pharaiméadair anailíseacha éagsúla na bhfíonta a bhaint.

Baineann an leasú seo le pointe 2.1 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Ní mór gurb ionann na hathruithe agus na hathruithe sin a chuireann na saotharlanna creidiúnaithe in iúl ina dtorthaí, de réir leibhéal éiginnteachta an mhodha anailísigh a úsáidtear.

4. ROINNT TAGAIRTÍ A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA

Tuairisc:

Leis an leasú ar an tsonraíocht táirge, déantar cuid de na luanna dlíthiúla a bhí tagtha chun bheith as dáta le himeacht aimsire a thabhairt cothrom le dáta freisin, athraítear roinnt tagairtí do shonraí faoi tháirgeadh, cuirtear luachanna cothrom le dáta san áireamh, agus athraítear cuid den fhaisnéis teagmhála le haghaidh an Bhoird Rialála.

Baineann an leasú seo le pointí 2, 3, 7, 8 agus 9 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Tapaíodh an deis chun roinnt tagairtí atá as dáta i dtéacs na sonraíochta táirge a thabhairt cothrom le dáta.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Rías Baixas

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *'Rías Baixas' Albariño*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Dath buí na tuí agus toin órga nó scothghlasa ann. Trédhearcach agus geal. Dea-bholadh: Meándéine go harddéine. Fíon dian-aramatach; dea-bholaithe príomha citris, bláthanna agus torthaí chun tosaigh, mar aon le láithreacht shuntasach úll. Blas: Cothromaithe sa bhéal, agus aigéadacht éadrom ann. Struchtúr maith, mar aon le meánolarthacht agus iarbhlas fada. Iarbhlas bláthach agus torthaíoch.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 11.3

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

2. *Fíonta geala 'Rías Baixas' eile*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Dath buí na tuí agus toin órga nó scothghlasa ann. Trédhearcach agus geal. Dea-bholadh: Meándéine agus láithreacht láidir dea-bholaithe príomha (bláthanna agus/nó torthaí). Blas: Beagáinín aigéadach, úr agus cothromaithe. Iarbhlas torthaíoch.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

3. *'Rías Baixas' Barrica*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Dath buí órga. Trédhearcach agus geal. Dea-bholadh: Meándéine Dea-bholaithe dea-chomhtháite príomhúla agus treasacha. Dea-bholaithe príomha bláthanna agus torthaí arís, mar aon le dea-bholaithe treasacha adhmaid, agus láithreacht shuntasach dea-bholaithe tóstáilte, deataithe, fanaile agus torthaí triomaithe. Blas: Struchtúr maith, olartha agus iarbhlas torthaíoch ann mar aon le himireacha fanaile.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 11.5

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

4. *'Rías Baixas' Tinto*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Dath dearg silíní le toin chorcairghorma. Meándéine datha. Trédhearcach agus geal. Dea-bholadh: Fíonta lena ngabhann meándéine. Dea-bholaithe príomha torthaí dearga (sú talún, sméar dhubh, etc.) agus plandaí den chuid is mó. Blas: Éadrom sa bhéal, measartha tainneach. Iarbhlas meánach mar aon le himireacha torthaíocha.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 10

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

5. *Fíon súilíneach 'Rías Baixas' ar ardchaighdeán*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Bíonn dath buí éadrom ar na fíonta geala mar aon le gealáin órga, agus bíonn toin chorcairghorma ag na fíonta dearga. Trédhearcach agus geal. Boilgeoga míne agus fadmharthanacha. Dea-bholadh: Dea-bholaithe príomha (bláthacha agus torthaíocha) agus dea-bholaithe tánaisteacha (arán agus giosta) is mó. Blas: Cothromaithe sa bhéal. Úr agus beagáinín aigéadach, agus dé-ocsaíd charbóin (boilgeoga) dhea-chomhtháite ann mar aon le hiarbhlas torthaíoch.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 10

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 185

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha:**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1) An modh saothraithe

Ní mór na fíonchaora a bhuaint trí úsáid a bhaint as crátaí buainte nó coimeádáin eile atá údaraithe ag an mBord Rialála.

2) Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Is é 11 % de réir toirte neart íosta alcóil na n-úrfhíonta i gcás chineál Albariño; 10 % de réir toirte i gcás an chuid eile de na fíonta geala; 9,5 % de réir toirte i gcás na bhfíonta dearga; agus 10 % de réir toirte i gcás na bhfíonta súilíneacha.

Tá ainmneacha sainiúla ar na fíonta geala nár tugadh chun aosaithe a chinntítear de réir chéatadán na gcineálacha a úsáidtear agus de réir an limistéir táirgeachta fíonchaor agus fíonóireachta.

Ní bheidh toilleadh na mbairillí adhmaid a úsáidtear le linn aosú an fhíona 'Rías Baixas' Barrica os cionn 600 l. Cuirfear fad an phróisis in iúl ar an lipéadú.

Táirgtear na fíonta súilíneacha go heisiach trí dhara coipeadh a dhéanamh sa bhuidéal.

5.2. *Uastáirgeacht*

12 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

90 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an chríoch roinnte ina cúig fholimistéar, atá suite i gcomhphobal féinrialaitheach na Gailíse. Is iad seo a leanas na folimistéir sin agus na bardais a áirítear iontu:

— Val do Salnés: Cambados, Meaño, Sanxenxo, Ribadumia, Meis, Vilanova de Arousa, Portas, Caldas de Reis, Vilagarcía de Arousa, Barro, O Grove agus Illa de Arousa

— Condado do Tea: Salvaterra de Miño, Mar Neves, Arbo, Crecente, Salceda de Caselas, Ponteareas, A Cañiza*, Tui* y Mos*.

— O Rosal: Ó Rosal, Tomiño, Garda, Gondomar* agus Tui*.

— Soutomaior: Soutomaior.

— Ribeira do Ulla: Vedra, Padrón*, Teo*, Boqueixón*, Touro*, A Estrada*, Silleda* agus Vila de Cruces*.

Níl na bardais atá marcáilte le (*) san áireamh go hiomlán.

7. **Príomhchineál nó príomhchineálacha fíonchaor**

ALBARIÑO

BRANCELLAO

CASTAÑAL

CAÍÑO BLANCO

CAÍÑO TINTO

ESPADEIRO - TORNEIRO

GODELLO

LOUREIRA – LOUREIRO BLANCO

LOUREIRO TINTO

MENCÍA

PEDRAL - DOZAL

RATIÑO GALLEGA

SOUSÓN

TORRONTÉS

TREIXADURA

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Maidir leis an aeráid Atlantach, le gaireacht don fharraige, leis an saothrú ar thalamh a bhfuil airde níos lú ná 300 m aige, le saintréithe na hithreach (pH íseal, easpa mianraí agus cothaitheach agus doimhneacht íseal), leis an gcóras treoraithe (oiriúnú do na dálaí ardtaise) agus le húsáid na gcineálacha dúchasacha, is é a leanann as na nithe sin go léir aibíocht arb é is cúis léi carnadh siúcra, lena dtáirgtear fíonta an-sainiúil ag a bhfuil gné aigéadach chomh maith lena ndea-bholadh agus a mblas.

Is é Albariño an cineál is oiriúnaí, ar cineál é atá ann i bhformhór mór na bhfíonta sin agus is é is cúis leis na fíonta a bheith chomh saintréitheach sin. Is gnách an ATFC iomlán a ainmniú i ndiaidh an chineáil.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Déanfar buidéalú go heisiach i bhfíonlanna atá suite sa chrios geografach a shainítear agus a iontráiltear i gcláir ábhartha an Bhoird Rialála.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I gcás táirgí sa chatagóir 'fíon', ní mór na blianta buainte a chur in iúl. Ní mór séala nó lipéad uimhrithe atá le soláthar ag an mBord Rialála a bheith ar an bpacáistíocht a úsáidtear le haghaidh gach táirge atá beartaithe lena thomhailt. Ní mór lógó an ainmniúcháin tionscnaimh, atá le fáil in Iarscríbhinn II den tsonraíocht táirge, a bheith ar an lipéad sin.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://agacal.xunta.gal/sites/default/files/calidade-alimentaria/vinos/PC_DOP_Rias_Baixas_julio_2024_ESP.pdf